

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁC DL) a tionóladh ar MS Teams.

Cruinniú: 4:30pm, 16 Eanáir 2023

I láthair: an Clr Brigid Manton, Colm Kilgallon, Daneve Harris, Gerry Maguire, Claire Markey, an Clr John Walsh, an Clr Yvonne Collins, an Clr Michael Clark, an Clr Pamela Kearns, Susan Duffy, Paul McNally, an Clr Una Power, an Clr Siobhan Shovlin, Ken Farrell, an Clr Charlie O'Connor, Anne Genockey, an Clr Kazi Ahmed.

Leithscéalta: Adrian Flynn, Stiúrthóir na Scoileanna.

As láthair: an Clr Pamela Conroy, Brendan O'Halloran, an Clr Cathal Boland.

I láthair: Caitríona Murphy, POF; Nichola Spokes, Stiúrthóir na Scoileanna; Siobhan Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Claire Keane, Oifigeach Gnóthaí Poiblí (Gníomhach); Bill Kavanagh, Oifigeach na bhFoirgneamh; Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta don Fhoireann Ardbhainistíochta.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, Claire Markey, an cruinniú i láthair agus chuir sí fáilte roimh chách.

Comhbhrón

Gabhadh comhbhrón le teaglaigh uile na mball foirne ar bhásaigh duine muinteartha leo le mí anuas.

1. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

2. Ábhair le Réiteach ag an mBord

Glacadh le Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo

21 Samhain 2022, Molta ag: an Clr Yvonne Collins; Cuidithe ag: Colm Kilgallon

Ceapacháin Chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta

Ceapachán an Comhairleora Charlie O'Connor chun bord BOOÁC DL. **Molta ag: an Clr Yvonne Collins; Cuidithe ag: an Clr Michael Clark**

Ceapachán Mary Gilmer mar Ainmní de chuid an Ardeaspaig chun bord bainistíochta Choláiste Pobail Naomh Mac Dara. **Molta ag: an Clr Pamela Kearns, Cuidithe ag: an Clr Michael Clark**

Ceapachán Brendan O'Halloran chun bord bainistíochta Scoil Náisiúnta Phobail Ghráinne.

Molta ag: an Clr John Walsh, Cuidithe ag: Anne Genockey

Ceapadh Mary Horan mar ionadaí BOO chun bord Ghaelcholáiste Reachrann, Choláiste Chillian, Choláiste Pobail Ard Giolláin & Choláiste Pobail Fhine Gall. **Molta ag: Gerry McGuire, Cuidithe ag: Claire Markey.**

Ceapadh an Clr Charlie O'Connor mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail na Ciseoige. **Molta ag: Claire Markey, Cuidithe ag: an Clr Michael Clark**

Ceapadh an Clr Charlie O'Connor mar ionadaí BOO chun Bord Bainistíochta Choláiste Pobail na Ciseoige. **Molta ag: Claire Markey, Cuidithe ag: an Clr Michael Clark**

Ceapachán an Clr Charlie O'Connor mar ionadaí BOO chun Bord Bainistíochta Choláiste Pobail na Ciseoige. **Molta ag: Claire Markey, tacaithe ag: Gerry McGuire**

3. Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord

Comhfhreagras ón Roinn – **Tugtha ar Aird**

Coistí an Bhoird – **Tugtha ar Aird**

4. Ábhair arna gcur isteach ag an bhFeidhmeannas

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, Eanáir 2023

Ba mhaith liom an deis a thapú chun athbhliain thar a bheith sona agus sláintiúil a ghuí ar gach aon duine agaibh.

Maidir leis na tuairiscí chun dáta, chuaigh Debbie ar scor go hoifigiúil an tseachtain seo caite agus beidh an próiseas chun Stiúrthóir nua a aimsiú ar siúl sna seachtainí amach romhainn. Déanfar comhordaitheoir REALT nua a earcú chomh maith agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bernie McLoughlin as an obair a rinne sí sa ról seo agus as an luas lena d'fhreagair sí don ghéarchéim. Chomh maith leis sin, déanfar oifigeach na bhFoirgneamh nua a earcú toisc go bhfuil Bill ag fágáil BOOÁCDL chun dul ag obair i SOLAS an tseachtain seo.

Guímid gach rath ar Bill ina ról nua agus gabhaimid buíochas leis as an dá bhliain agus beagán lena cois a chaith sé i BOOÁCDL.

Ar maidin, thug criú scannán cuairt ar Choláiste Pobail Setanta toisc go bhfuil iardhalta ainmnithe don Lá BOO ar an 2 Márta. Cuirfidh an tionscnamh seo de chuid BOOÉ cúigear laochra BOO i láthair agus, dar ndóigh, tá áthas an domhain orainn a bheith páirteach ann agus seolfaimid tuilleadh sonraí chugat ar an ríomhphost.

Beidh Claire agus mé féin i láthair ag cruinniú maidir leis gComhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais – is é an 2 Feabhra 2023 dáta beartaithe an chruinnithe.

Cinntigh go gcomhlánóidh sibh an Fhoirm um Eitic in Oifigí Poiblí a chuirfidh Claire chugaibh go léir inniu.

Tabhair faoi deara go mbeidh orainn roinnt feidhmeanna forchoimeáda a fhaomhadh ag an gcéad chúpla chruinniú eile agus tá sé tábhachtach go gcomhlíonfar na spriocdhátaí reachtúla sin.

Stiúrthóirí na Scoileanna

Seoladh Creat Phátrún BOOÉ maidir le hÉiteas ar Dé Céadaoin an 23 Samhain 2022.

D'fhorbair Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an Creat i gcomhar leis na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus scoileanna BOO, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Tá sé mar aidhm ag an *gCreat* cur síos a dhéanamh ar cad is scoil BOO ann, go háitiúil agus go náisiúnta, trí na rudaí seo a leanas a sholáthar:

- a chinntiú go bhfuil comhthuiscint ag pobail scoileanna BOO agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ar éiteas earnáil scoileanna BOO
- treoir phraiticiúil do scoileanna BOO ar conas is féidir an t-éiteas a chur i ngníomh ar bhonn laethúil
- Creat cinnteoireachta a sholáthar do cheannairí scoile BOO agus dá mBoird Bhainistíochta

D'éirigh go han-mhaith le Coláiste Pobail Bhaile Adaim nuair a bhí Cigireacht um Chumhdach Leanaí acu. Cuireadh ceardlann maidir lena n-eispéireas cigireachta i láthair na bPríomhoidí go léir ag cruinniú na bPríomhoidí ar an 13 Eanáir.

Tá clár ionduchtúcháin sonrath do Mhúinteoirí Bunscoile nua i Scoileanna Náisiúnta Pobail tagtha chun deiridh. Díriodh lena linn ar éiteas agus luachanna na scoileanna a chur i ngníomh, chomh maith le soláthar tosaigh a thabhairt ar Chlár an Phátrúin, Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! Reáchtáladh ceithre sheisiún oiliúna don fhoireann ar fad i scoileanna náisiúnta pobail le linn théarma 1. Cuirfear seisiúin tacaíochta ar leith ar fáil do scoileanna ó BOOÉ le linn na bliana maidir leis an gclár a chur i bhfeidhm i scoileanna.

D'oibrigh foireann forbartha agus tacaíochta RSO le CNOS chun clár píolótach a sholáthar agus é dírithe ar thacú le scoileanna straitéis iompair dhearfach a chur i bhfeidhm ar fud Scoileanna Náisiúnta Pobail anuraidh. Cuireadh tús leis an dara céim den fhorbairt seo ar an 24 Samhain agus béim á cur ar Phróiseas SER agus imlonnú CRSanna ar fud na scoileanna.

Tá pobail chleachtais fós á n-éascú ag Stiúrthóirí Scoileanna i measc ár scoileanna agus tá oifigigh tacaíochta BOOÁCDL ann sna réimsí RSO, DEIS agus Ceannaireacht (Clár Ceannaireachta Múinteoirí). Déanfar forbairt fhreagrúil ar na cláir sin maidir le riachtanais na scoileanna sa bhliain amach romhainn.

Seirbhísí don Óige

Music Generation Fhine Gall

Díríonn Clár Music Generation Fhine Gall ar rochtain a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste i gceantair shainaitheanta ar fud an chontae ina ndearnadh saincheisteanna agus dúshlán a bhaineann le míbhuntáiste a shainaithint inár dtaighde.

Le linn na chéad trí bliana dár gclár, díritear ar shraith de ghnéithe cláir a fhorbairt a chuireann le caidreamh gníomhach, rannpháirtíocht agus rochtain daoine óga idir 12 agus 18 mbliana d'aois. Mar chuid dár bhforbairt agus seachadadh clár, uasmhéadófar naisc leis an tseirbhís óige, leis an tseirbhís ealaíon agus leis an soláthar seirbhíse oideachais ceoil atá ann cheana féin. Mar chuid den obair seo, beidh sé mar dhearbhrionsabal lárnach againn a chinntiú go bhfuil croíchuspóirí na mbeartas náisiúnta do leanaí agus daoine óga, an clár Music Generation, polasaithe contae-bhunaithe agus polasaithe BOO do dhaoine óga á gcomhlíonadh againn.

Leathnú ar Thionscadail Phíolótacha go dtí seo:

Cuireadh tús leis an gclár píolótach Bhaile an Oibricigh ar a dtugtar 'Reverb' Dé hAoine an 30 Meán Fómhair agus múintear amhránaíocht, giotár, dord & drumáí ann, agus é mar aidhm oibriú i dtreo seinm le chéile mar ghrúpa. Táthar tar éis an chláir a leathnú chun daltaí breise a áireamh. Cinntíonn Oideachasóirí Ceoil go gcoimeádtar seánraí ceoil luaineach agus á stiúradh ag spéiseanna an rannpháirtí.

Tá Clár Forbartha Rapcheol agus Amhrán ar siúl anois in ionad pobail Bhaile Fiobail i gcomhar le Foróige agus tá sé á leathnú faoi láthair go Cross Care i Sord.

Tá Soundbeam á chur ar fáil le haghaidh chlár eile 4 seachtaine agus beidh sé á réachtáil 2 lá gach ré seachtain le Remember Us, Baile Brigín.

Tuarascáil an Stiúrtóra Breisoideachais agus Oiliúna - Eanáir 2023.

Fógra maidir le forbairt shuaitheanta Breisoideachais agus Oiliúna i bhFine Gall:

D'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, ar an 2 Nollaig 2022, go bhfuil cead tugtha bogadh ar aghaidh chuig an chéad chéim eile den obair chun Coláiste na Todhchaí (COTF) a fhorbairt i Sord. Tá infheistíocht €47 milliún i gceist leis an tionscadal chun campas glas breisoideachais den chéad scoth a thógáil i Sord. Luaitear sa togra go ndéanfar freastal ar 1,000 mac léinn lánaimseartha agus suas le 5,000 mac léinn páirtaimseartha agus is garsprioc shuntasach é do cheantar Fhine Gall.

Nuashonrú ar Athbhreithniú Tionscnaimh DCCÉ:

Tá an Tuarascáil Deiridh maidir leis an Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta san earnáil Breisoideachais agus Oiliúna, BOOACDL, ar fáil anseo. [Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú BOOÁCDL ar Dhearbhú Cáilíochta 2022.pdf](#)

An Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach:

Táthar tar éis an Comhaontaithe Feidhmíochta Straitéiseach idir BOOÁCDL agus SOLAS a chomhaontú freisin. Áirítear spriocanna ann faoi 10 gceannteideal, mar aon le tosaíochtaí eile don Bhreisoideachas agus Oiliúint idir 2022–2024. Is féidir teacht ar an gcomhaontú anseo. [Cur i Láthair PowerPoint \(solas.ie\)](#)

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



5.1 Tuarascáil Airgeadais Tugtha ar Aird

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE						
TUARASCÁIL AIRGEADAIS BIAIN GO DTÍ SEO MÍ NA NOLLAG 2022						
Clár	Airgead Tosaigh	Deontais	Fáltais	Íocaíochtaí	Airgead Deiridh	Deontais
	Iarmhéid				Iarmhéid	
	1 Eanáir 2022				31 Nollaig 2022	
IOMLÁN AN PHÁ PRÍOMHSCÉIME	(26,058)		(133,580,656)		131,784,726	(1,821,988)
IOMLÁN AN NEAMHPHÁ PRÍOMHSCÉIME	(3,022,758)		(11,789,304)		8,197,022	(6,615,040)
AN tIOMLÁN A BHAINNEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(7,206,187)		(4,583,800)		5,110,361	(6,679,626)
IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA	(1,228,502)		(2,377,411)		1,973,468	(1,632,445)
IOMLÁN AN CHAIPITIL	(11,914,955)		(14,605,503)		17,557,598	(8,962,860)
IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(171,666)		-		-	(171,666)
IOMLÁN AN BHREISOIDEACHAIS & OILIÚNA	(3,639,491)		(75,289,316)		75,278,204	(3,650,603)
IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE	(1,505,029)		(11,267,149)		10,893,073	(1,879,105)
IOMLÁN NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ	(1,111,274)		(4,443,087)		4,501,824	(1,052,537)
IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE Iarmhéid Bainc	(8,229,274)		(5,793,641)		5,015,900	(9,007,015)
	(38,055,194)		(263,729,867)		260,312,176	(41,472,885)
Bhí iarmhéid thart ar €41m sa chuntas bainc ag BOOÁC DL ag deireadh mhí na Nollag 2022.						
Tá na Deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó SOLAS go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Tá na deontais sin san áireamh sa Phríomhscéim Ghaolmhar,						
Bunscoileanna, Caipiteal agus Breisoideachas agus Oiliúint sa tábla thuas.						
	Iarmhéid Tosaigh		Fáltais		Íocaíochtaí	Iarmhéid Deiridh
PS Gaolmhar	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19	(129,342)	(116,981)		246,323	0
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH MAOIRSEACHT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19	(314,649)	(418,749)		733,398	0
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	(436,850)	154,134		282,716	0
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁN AGUS TCP COVID-19	0	(892,355)		188,327	(704,028)
Bunscoileanna	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID-19	(32,765)	(133,375)		166,140	0
Bunscoileanna	DEONTAS LE hAGHAIDH	(42,561)	(51,745)		94,306	0

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

	DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID- 19					
Bunscoileanna	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP COVID-19	0	(190,446)		64,210	(126,236)
Caipiteal	DEONTAS I LEITH MIONOIBREACH A COVID 19	(1,083,925)	-		654,80 8	(429,117)
BOaO	Forchostais COVID-19	(144,451)	(121,821)		196,99 0	(69,282)

5.2 Tuarascáil ar na Foirgnimh – Tugtha ar Aird

Cruinniú BOÓCDL Eanáir 2023 Tuarascáil ar an gClár Caipitil & Foirgneamh
Mórhionscadail Chaipitil 2023

Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Achar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Iomaire na Giúise, Sráid an tSéipéil, Baile Brigín.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall	Eisíodh Céim 3 chun bogadh go dtí an chéim tairisceana chun conraitheoir tógála a cheapadh. Á bhainistiú faoi láthair ag KSNPM agus Foirgnimh.
Coláiste Pobail Ard Giolláin, Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall	Is é Dé hAoine an 20 Eanáir Lá Oifigiúil an Aistrithe. Feistiú ar siúl, mic léinn le teacht isteach ag lár téarma. Cóiríocht shealadach á bogadh.
Coláiste Pobail Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán.	Baile Átha Cliath Thiar Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Pleanáil Athbhreithnithe faighte. Doiciméid tairisceana á n-ullmhú ag an bhFoireann Deartha. Táthar ag súil go gcuirfear an glao ar thairiscintí amach i mí Eanáir 2023
Coláiste Chillian, 96-116 Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Baile Átha Cliath Thiar Theas, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Tá an tionscadal seo á bhainistiú ag an Roinn Oideachais. Nuashonrú á iarraidh. Conraitheoir le ceapadh go luath.
GS Reachrann, Bóthar Grange Abbey, Baile Átha Cliath 13.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Céim a Trí: Tá na Doiciméid Tairisceana beagnach ullamh chun na príomhchonraitheoirí tógála a fhostú. Bainisteoirí tionscadail tiomnaithe KSNPM.
Páirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Svuít RSO faofa ag an Roinn Oideachais, Conraitheoir ceaptha. Ar an láthair.
Oibreacha Samhraidh 2023		
Coláiste Pobail Chaoimhín		Saotharlanna Eolaíochta a athfheistiú, Comhairleoir ceaptha. Conraitheoir ceadaithe agus á cheapadh faoi láthair.

Coláiste Cois Life		Athfheistiú a dhéanamh ar 3 sheomra eolaíochta. Tuarascálacha tairisceana curtha i gcrích agus curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais lena bhfaomhadh.
Coláiste Pobail Ráth Dara, Baile Bhlainséir.	Díon a chur ar Scoil Speisialta Pobail Danu	Tairiscint le dul amach an mhí seo chun conraitheoir a fháil. Cruinniú leis an bpríomhoide an tseachtain seo.
TIONSCADAIL UM CHÓIRÍOCHT SHEALADACH ar an láthair 2023		
Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Limistéar	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
Coláiste Pobail na Sceirí	Limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall	Bainisteoirí tionscadail KSNPM, Trí sheomra ranga ginearálta. Eacnamaíocht Bhaile agus Seomra Ranga Ealaíne. Foireann deartha faofa agus le ceapadh.
P.S.N. an Mhóinéir Leathain	Sord, Comhairle Contae Fhine Gall.	Teiripeoir Urlabhra agus Teanga ag athbhreithniú riachtanais na ndaltaí. Iarratas ag dul chuig an Roinn Oideachais roimh dheireadh mhí Eanáir.
Coláiste Pobail na Gráinsí & Gaelcholáiste Reachrann	Bóthar Mhainistir na Gráinsí, Domhnach Míde.	An tionscadal á bhainistiú ag KSNPM. 3 Sheomra Ranga, Seomra amháin d'Eacnamaíocht Bhaile. Ordú tasc 2, conraitheoir ag tosú ar an láthair le tosú an tseachtain seo chugainn.
Coláiste Pobail Bhaile Brigín	Tuaisceart an Chontae, CC Fhine Gall.	Seomra ranga amháin (1) agus seomra Eacnamaíocht Bhaile amháin (1). Athbhreithniú deiridh Beagnach Críochnaithe.
Coláiste Pobail an Ghrífín/Tionscadal a dó.		9 Seomra Ranga Ghinearálta, seomraí I SET, Seomra Staidéir Foirgníochta, agus seomra foirne. Ar an láthair, Conraitheoir ar an láthair agus an tionscadal á bhainistiú ag KSNPM, le críochnú i mí an Mhárta 2023.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Réadmhaoin: Samhain 2022.

Réadmhaoin	Nuashonrú	Stádas
Ionad Baile Dhún Droma, Aonad 2.	Léas imithe in éag ó 2017	Tá sé seo curtha ar aghaidh chuig ár nAturnaetha nua, O Flynn's, anois agus tá teagmháil déanta acu le Tiarna Talún in Ionad Baile Dhún Droma.
Teach Mangan, Maigh Eo	Ní mór tailte a aistriú ar ais chuig BOOÁCDL. An réadmhaoin fós faoi árachas ag BOOÁCDL.	Seoladh litir dlí chuig an t-atairne roimhe seo maidir le cistí a chúiteamh. Chomh maith leis sin, tá litir dlí le cur chuig an lontaobhaí maidir leis talamh a shíniú ar ais chuig BOOÁCDL.
Halla Spóirt Dhomhnach Bat agus Páirc imeartha uile aimsire.	Níl aon chomhaontú foirmiúil ann os cionn 10 mbliana d'aois ar ár gcuid úsáide. Tá an cíos atá á ghearradh ar an halla ró-ard. Todhchaí na páirce imeartha le cinneadh.	Léas i bhfeidhm le FCC. Cruinniú le Stiúrthóir na Seirbhíse, Dé Luain 16/01/2023.

Doiciméad Beartais: Idirbhearta talún in BOOBÁC.	Á gcur le chéile lenár n-aturnae. Léas Faisnéise/Ceadúnas/MOU/Pátrúnacht/SLA/campas roinnte/Socruithe grúpaí úsáideoirí tríú páirtí.	Le bheith réidh faoi dheireadh mhí Feabhra 2023.
--	--	---

Ardaíodh ceist maidir leis an tairiscint chun díon ionaid a chur ar Scoil Speisialta Pobail Danu & Coláiste Pobail Ráth Dara. Thug Bill Kavanagh, Oifigeach na bhFoirgneamh, le fios go mbeidh an díon iomlán críochnaithe an samhradh seo.

Ardaíodh ceist ag lorg eolas chun dáta maidir leis an bhfoirgneamh nua in Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha. Thug an Príomhfheidhmeannach le fios go bhfuilimid le filleadh ar an Roinn leis an rogha beartaithe 1500, an síneadh nua san áireamh. Tá sé seo le cur isteach an tseachtain seo.

Chuir comhaltáí in iúl go raibh imní mhór orthu faoin bplean chun an bhforbairt ar an suíomh i Scoil Náisiúnta Pobail Broadmeadow a úsáid chun freastal ar Scoil Náisiúnta Pobail Naomh Cróinín ó thaobh thrácht, rochtain, méid agus scála Naomh Cróinín de. Aontaíodh go scríobhfadh an Feidhmeannas chuig an Roinn thar ceann an bhoird maidir leis an imní mhór seo.

5.3 Nuashonruithe ar Phróifílí na Foirne – Tugtha ar Aird Ceapacháin & Arduithe Céime

5.4 Clár Rioscaí: Tugtha ar aird

6. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an mBord Ar aon dul le Buanorduithe

Logchuntas gníomhartha

7. An chéad chruinniú eile: 27 Feabhra 2023.